

TINCÉAR

Tincéar a bhí ann. An fear ba ghráinne a bhí in Éirinn dhe thincéar. Ní rabh slacht ar bith air. De Sheachnasach é. B'aige a bhí an bhean ba breaghta a bhí i nÉirinn. Bhíodh sé ag imteacht thart le na cheird, annseo fríd a' tír agus ní rabh sé a déanamh aon bhaileachtúil maith. Dubhairt sé annsin go ngabhfaidh sé go Bleath Cliath é fhéin agus an bhean, féachaint a ndéanfadh sé ní b'fhearr, agus chuaidh. Thóg sé seomra ann. Ní rabh sé abhfad ann nuair a bhí mac óg ag á n-a bhean agus ní rabh fhios aige annsin cé chuirfeadh sé chun baiste leis agus dubhairt an bhean leis nach rabh duine ar bith is fearr le cur chun baiste leis ná an fear be saidhbhre a bhí i mBaile Átha Cliath.

54

Chuaidh sé go dtí an fear ba shaidhbhre i mBleath Cliath agus d'iarr sé air seasamh leis an bpáiste agus sheas. Bliain ón lá sin bhí mac eile aige agus dubhairt sé leis a' mbean nach rabh fear ab fhearr le cur chun baiste leis an mac ná an darna fear ba shaidhbhre a bhí i mBleath Cliath agus rinne. An tríomhaidh mac a bhí aige chuir sé an tríomhadh fear ba saidhbhre i mBleath Cliath chun baiste leis.

Bhí an saoghail a gul thart, a bfaghaltas ina dhiadh sin air. Dubhairt sé go gcaithfeadh sé tabhairt suas, nach gcoinneadh sé an teach.

"Maise", adeir a bhean, "dá mbeadhthá-sa staidéarach críonna mar ba cheart, ba ghearr go mbeadhthá it' fhear mhaith".

"Maise nár laga Dia thú", adeir sé, "mara bhfuil mise a m'fhear mhaith is iongantach a rud é".

"Má táir", adeir a bhean, "is gearr a bhéas tú go dona, mar aithghim-se ar na triúr fear, chuaidh chun baiste le n-ar dtriúr cloinne, nach bhfuil aon ní sa domhain bhfearr le gach aon fhear acab, ná oidhche i n-éinfeacht liomsa.

"Bean mhaith", adeir sé.

"Chuimhrigh mé cheana air".

"Bailigh leat anois chómh tréan agus fhéadas tú siubhal, agus téirigh go dtí an fear is saidhbhre acab agus abair leis go bhfuil mise a gul go Sasana a ceannacht stáin anocht, agus é a theacht ag a seacht a chlog, 'chuideachta dhuit píosa dhen oidhche agus iarr céad punt ar iasacht ní go bhfagha tú é, go n-íocfa tú é".

"Agus nuair a gheitheas tú é téirigh go dtí an dara fear is saidhbhre, go bhfuil mise a gul go Sasana anocht a ceannacht stáin agus é a theacht ag a h-ocht a chlog, 'chuideachta dhuit píosa den oidhche. Iarr céad punt air go n-íocfaidh tú é nuair a gheitheas tú é. Téirigh go dtí an tríomhadh fear agus déarfa tú leis go bhfuil mise a gul go Sasana anocht a ceannacht

stáin agus é a theacht aníos ag a naoi a chlog, 'chuideachta dhuit píosa den oidhche , agus iarr céad punt air nó go n-íocaidh tú é".

D'éirigh seisean de léim. An bean agus chaith sí seál ar a brághaid agus tháinig sé ag a bhfear is saidhbhre a bhí i mBleath Cliath. Nuair a tháinig sí isteach chuir sé céad míle fáilte roimh Mrs O'Shaughnessy agus dubhairt sé léithe suidheamh síos agus dubhairt sí nach bhféadfadh sí go rabh deifir uirthे, mar gheall ar Sheachnasaigh a ghul go Sasana a ceannacht stáin, agus tá sé chomh maith dhuit a ghul suas le píosa den oidhche a chaitheamh a 'chuideachta liom ag a seacht a chlog.

"Gabhfa mé", adeir sé agus céad míle fáilte.

"Tá sé chomh maith dhuit", adeir sí, "céad punt a thabhairt dhom ar iasacht".

"Muise", adeir sé, "thiúbhrainn agus chúig chéad punt dá n-iarrtha é agus tuige nach dtiubhrainn".

Chuir sé láimh sa drár agus thug sé céad punt di.

Bhain sí as agus í an-áthasach go dtáinig sí go dtí an dara fear ba shaidhbhre a bhí i mBaile átha Cliath. Chuir sé fhéin céad míle fáilte roimpi agus d'iarr sé uirthे suidheamh síos.

Dubhairt sí nach bhféadfadh sí go rabh deifir uirthे, "mar tá Seachnasaigh a gul go Sasana anocht a ceannacht stáin. Tá súil agam go dtiocfa tú 'chuideachta liom ag a naoi a chlog".

"Go deifhinn gabhfadh", adeir sé, "agus míle fáilte agus tuige nach ngabhfaínn".

"Tá sé chomh maith dhuit, céad punt a thabhairt dhom mar sin, go n-iocadh mé thú".

Ní dhearna sé ach an céad punt a thabhairt di.

Bhain sí as annsin agus bród mór uirthे go dtáinig sí go dtí an tríomadh fear agus chuir sé céad míle fáilte roimpe.

Agus d'iarr sé uirthे suidhe. Dubhairt sí leis nach bhféadfadh sí aon mhoill a dhéanamh go rabh Seachnasaigh a gul go Sasana a ceannacht stáin anocht. Tá súil agam go ngabhfaí tú ag a'teach, chuideachta liom píosa den oidhche, ag a naoi chlog.

"Gabhfadh agus míle fáilte", adeir sé.

"Tá sé chomh maith dhuit iasacht, céad punt a thabhairt dhom go n-íocaidh mé thú".

Chuir sé láimh sa drár agus chomhairigh sé amach céad punt aice.

Bhain sí as abhaile agus áthas mór uirthे. Bhí Seachnasaigh istigh roimpi.

"Cé mar rinne thú"?, adeir sé.

"Rinne mé an-lá dhe".

"Tá trí chéad punt a'm, céad ó chaon fhear".

"Bean mhaith nár laga Mac Dé thú", adeir sé.

"Tabhair isteach cloch mhine, anois chugam", adeir sí.

Thug. "Gabh amach anois", adeir sí, "go dtí an deich a chlog anocht agus fág idir mise agus iad féin".

Bhailigh sé leis agus nuair a bhí sé i bhfoisgeacht chúig nóiméad don sheacht a chlog fuair sí mias agus dhóirt sí carnán mine, anuas innte, a déanamh cáca.

Níor bhfada gur buaileadh an doras. D'fhosgail sí é agus cé chuirfeadh isteach a cheann an doras ach, an fear is saidhbhre i mBleath Cliath.

"Céad míle fáilte rómhat, suidh síos agus beidh oidhche mhaith a'd-sa is a'm-sa go maidin." Bhí sí a coinneál cainte leis, ariamh, ariamh agus í a fuint a' cháca, nó go rabh sé i bhfoisgeacht cúig nóimead don h-ocht.

"Bhí a ghul suas a codladh, anois", adeir sí, "agus beadh mise a gul suas id dhiadh".

Chuaidh agus ní rabh ann ach go rabh sé ina chodladh go díreach nuair a buaileadh an doras an dara h-uair.

"Ó a dheabhail", adeir sé, seod é Mr O Shaughnessy agus céard a dhéanfas mise".

"Ná bí a gleo", a deir an bhean, "ach tar inéinfheacht liomsa, go seasa tú inéinfheacht leis a bpeictiúr beag, atá thíos sa gcistineach leis a mballa agus ní thiubhrar faoi deara thú".

Tháinig sé anuas agus é mar rugadh é agus sheas sé suas leis an mballa, mar rugadh é. D'fhosgail sí an doras agus cé thiocfadh isteach aice ach an dara fear ba saidhbhre i mBaile Ath Cliath.

"Ó muipe céad míle fáilte", adeir sí.

"Beidh oidhche mhaith a'd-sa, is a'm-sa anocht".

Shuidh sé síos a cainnt nó go rabh sé i bhfoisgeacht chúig nóiméad don naoi a chlog, agus nuair a bhí dubhairt sí leis a ghul suas a codladh is go mbeadh sí féin suas ina dhiadh.

Thosuigh a caitheamh dhe is a ghul a codladh agus ní rabh ann, ach go rabh sé ina chodladh, nuair a buaileadh an doras.

"Ó", adeir sé, "Dia dhá réidhteacht, seod é Seachnasaigh agus céard a dhéanfas mise".

"Lean mise", adeir sí, "agus seasfa tú le taobh peictiúr mór eile atá déanta annseo thíos a'm agus ní aithneochaidh Seachnasaigh thú".

Tháinig sé agus sheas sé suas díreach le taobh an fhir ba saidhbhre i mBleath Cliath agus d'fhosgail sí an doras nuair a buaileadh é agus cé thiocfadh isteach ach an tríomhadh fear ba saidhbhre i mBleath Cliath agus bhí céad míle fáilte roimhe "agus nach fada, adeir sí, "atá tú amuich". "Beidh oidhche mhaith ad-sa is a'm-sa anocht".

Bhí said a cainnt go rabh sé i bhfósgeacht chúig nóinméad don deich a chlog.

"Bí a gul suas a chodladh", adeir sí, "agus beidh mise chomh luath leat".

Arnú bhí deifir agus ní rabh ann ach go rabh an t-éadach as a chionn sa leaba aige nuair a buaileadh an doras arís.

"Ó Dia dá réidheacht", adeir sé, "céard a dhéanfas mise, seod é Seachnasaigh agus tá mé réidh".

"Lean mise", adeir sí, "nó go gcuiridh mé le hais dhá peictiúr atá déanta a'm thú, agus ní aitheócha Seachnasaigh thú tar na peictiúir eile".

Sheas an fear bocht suas le n-a n'ais.

D'fhosgail sí an doras agus cé chuirfeadh isteach a cheann ach Seachnasaigh.

"Ara a dheabhail", adeir sí, "shíl mé go ndeacha tú go Sasana".

"Bhí an bád imthighthe róimhain chúig noiméad agus níor fhéad mé ghul ann".

"Arnú chonaic sí iad seo ina dtrí staic gan anam gan anál ina seasamh leis an mballa.

"Ceal nach bhfuil duine ar bith de chuideachta dhuit ach mar seo".

"Muide go deimhain níl", adeir sí.

"Cé bheadh inéinfeacht liom".

"Anois mara ndeacha mise go Sasana anocht, téirigh chomh fada leis na triúr daoine uaisle sin, agus iarr píosa den oidhche chuig a teach iad go mbeidh comhrádh agus cainnt againn".

"Agus mara bhfuil said fhéin ag baile tabhair a dtriúr ban leat".

Bhain sí as agus amach léithe agus d'fhan Seachnasaigh istigh a léigheadh páipéir agus a breathnú ar na trí peictiúr.

Chuaidh sise go dtí an teach is saibhre. Nuair a tháinig sí ann labhair sí leis a' máighistreas. D'fíafhuigh sí a rabh an duine uasal istigh.

Dubhairt an bhean nach rabh, "mar bhfuil tá sé chomh dhuit fhéin teacht inéinfeacht liom píosa den oidhche."

Tháinigedar le chéile ag teach an dara fear is saidhbhre i mBaile Atha Cliath agus labhair sí le na bhean, a fíafhuigh a rabh sé istigh. Dubhairt sí nach rabh fhios aice cé ndeacha sí.

"Nuair nach bhfuil", adeir sí, tá sé chomh maith dhuit féin teacht in éinfeacht liom píosa den oidhche".

Shiubhail an triúr ban leothab go dtáinig said ag an tríomhadh teach agus d'fíafhuigh bean Sheachnasaigh a rabh an máighistear istigh. Dubhairt a bhean nach rabh.

"Nuair nach bhfuil", adeir bean Sheachnasaigh, "tá sé chomh maith dhuit fhéin a theacht" agus tháinig.

Shiubhail na triúr ban annsin agus bean Sheachnasaigh in éinfeacht go dtáinig siad go dtí tigh Sheachnasaigh. Nuair a tháinig d'éirigh Seachnasaigh, agus chuir sé céad míle fáilte roimh chaon bhean acab agus, "airighim an-dona nuair nach bhfuil a {bhur} gcuid fear in éinfeacht libh de chomhluadar anocht", adeir Seachnasaigh.

Bhí suipéar breagh acab agus ól agus i gcionn tamaill den oidhche d'fíafhuigh Seachnasaigh a rabh a leithead seo de bhuidéal aice istigh.

"Níl", adeir sí.

"A maise shíl mé go mbadh ceart dhuit é a bheith a'd. Tá sé chomh maith dhuit ghul amach agus é a fhágáil agus gabhfaidh beirt ban de na mná uaisle seo i éinfeacht leat".

Choinnigh sé istigh an bhean ba saidhbhre.

Nuair chuadar amach ní rabh said aon achar amuich nuair chuir Seachnasaigh a láimh faoi mhuinéal na mná is saibhre i mBleath Cliath.

"Ó a dheabhail", adeir ceann de na peictiúirí nó péire acab "a bhfeaceann tú do bhean?

"Stop ná labhair", adeir sé sin.

Níor bhfada a bhí na mná amuich nuair a tháinigeadar isteach agus an buidéal acab. Níor seas an buidéal abhfad.

"Tá sé chomh maith dhuit", adeir Seachnasaigh, le na bhean éirigh suas agus a ghul amach ag iarraidh buidéal eile.

An bhean a choinnigh sé istigh an turas seo, an dara bean ba shaidhbhre agus chuir sé an bheirt eile amach le na bhean féin.

Chuir Seachnasaigh a láimh faoi na muinéal nuair a chuadar amach.

"Anois a dhiabhail", adeir an fear is saidhbhre, "a bhfeaceann tú do bhean féin?"

"Ná labhair", adeir sé sin.

Tháinig na mná isteach agus chaitheadar píosa eile den oidhche. I gcionn tamaill dubhairt sé gur teastaigh buidéal eile uaidh agus chuir sé amach iad ag iarraidh buidéal iad. Ní rabh ann ach go rabh said amuich nuair a chuir sé a láimh faoi mhuinéal na mná, an tríomhadh bean.

"Anois adubhairt an bheirt fhear a rabh a gcuid ban imtighthe amach a bhfeiceann tú do bhean féin?"

"Ná labhair", adeir an tríomhadh fear.

Tháinig said isteach agus bhí píosa den oidhche acab ag ól go sproideamhail.

"Muise", adeir Seachnasaigh le na bhean, "a ndearna tú aon pheictiúr ó mhaidin".

"Ná bac le peictiúr anois", adeir a bhean .

"Tabhair aire do do ghnaithe".

"Feictear agam", adeir sé, "go bhfuil trí phictiúr an-bhreagh déanta agad".

"Ná bac leob, ní bhaineann said dhuit", adeir an bhean.

"Ní mhaith liom aon mharach a bheith orthab", adeir Seachnasaigh, "agus caithfe mé breathnú orthab".

Chuaidh sé agus las sé coinneall agus shuibhail sé anal go dtí iad agus a triúr ban iad féin a breathnú orthab.

"Dheanmhaigh trí pheictiúr a chonaic mé araimh, is breaghta ná iad", adeir sé, agus é a breathbú isteach i gclár an éadain orthu, "ach tá marach orthab ina dhiadh sin".

"Níl", adeir a bhean, "tá siad ceart ach éist leothab".

"Tá", adeir Seachnasaigh, "marach orthab caitfidh mise a ghearradh díob".

"Tá fonn ort iad a mhilleadh", adeir an bhean.

D'éirigh Seachnasaigh de léim, agus chuaidh sé go dtí an budget, go dtí an áit a rabh an urnais aige.

Thug sé leis an pionsúr mór a bhí aige.

"Ó a dheabhail", adeir an bhean, "beidh an peictiúr millte a'd".

"B'fhéidir gur fearr dhom an pinsiúr beag", adeir sé, agus chuir sé láimh sa mbudget dá thóirideacht, mar dhóigh dhe agus nuair a chuir d'imithigh fear amach an doras agus na fir eile ina dhiadh agus na mná a breathnú ortab agus d'aithnigh chaon bhean acab a fear fhéin. D'éirigh an triúr ban agus chuadar amach.

"Dia dhá réidhteacht", adeir bean acab leis na mná eile.

"Cén chaoi a ngabfa mise abhaile agus an cleas a rinne Seachnasaigh liom?".

"Téirighidís i mullach a diabhail", adeir bean eile.

"A bhfaca an chaoi a bhí orthab féin ag bean Sheanasaigh?"

Nuair a bhíodar ina dtrí pheictiúr aice, má chasann siadsan aon bhlas linne, féadfa muide a chasadh leothab go rabh siad ina dtrí bpeictiúr ag bean Sheachnasaigh, ina seasamh le balla ina gcraiceann mar rugadh iad".

Chuadar abhaile agus nuair a chuaidh, níor labhair na fir ariamh ar bhealach na mban, agus níor labhair na mná ar bhealach na bhfear.

Na triúr fear uasal dá bhfeicidís Seachnasaigh ar an tsráid ariamh ina dhiadh sin d'imhithighidís as a bhealach uaidh le náire ach níor iarradar aon phinginn de na trí chéad punt air.

Beannacht dilís Dé le h-anam na marbh. 12/11/1939

Long mór na mBúrcach. Amhrán agus sgéal.

Eamonn an Fhíonntha

Fíor láidir

Seán Ó Conaill

Na Smuigléaraí

Baclámhach

Na Naoimh

Bliain na bhFrancach

Athair Phaidín a' Slígh

Tomás Rua

Maitias Ó Dubháin
Micheal Seoige a bhí in Árinn
Padraic Labhrás Uí Fhlaithearta
Oileán Máisiún
Torries
Ceannaidhthe mála
Meireacá.
An biadh a bhí ag daoine
lasgaireacht
Tobar na Seacht n-Inghean i Muighinis faoi Tigh na gCathasach
Tobar na Seacht nDreithiúr in Inis Muscraidhe, an-ghar dá chéile.
Tá Tobar Colmchille i bhFidhinis, bhí leac ag an tobar agus prionndáil uirthé.
Tá tobar eile do Cholmchille, i Muighinis siar ón Aircín
Ó dheas den Mheall Rua tá an t-Aircín
B'fhiú dhuit dhul a breathnú ar thobar na Seacht nDreithiúr i Muscraidhe go bhfecfá an
chaoi a bhfuil siad déanta.